



An Bhruiséil, 8 Márta 2017
(OR. en)

6937/17

**Comhad Idirinstiúideach:
2016/0171 (COD)**

**MAR 50
CODEC 313**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig: An Chomhairle

Uimh. an doic. 6195/17 MAR 36 CODEC 199
roimhe seo:
Uimh. an doic. ón 9964/16 MAR 161 CODEC 847
gCoim.:

Ábhar: Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 98/41/CE ón gComhairle maidir le clárú daoine atá ag taisteal ar bord long d'iompar paisinéirí a oibríonn trí dhul isteach i gcalafoirt Bhallstáit an Chomhphobail nó trí dhul amach astu agus lena leasaítear Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe le haghaidh long atá ag teacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ag imeacht ó chalafoirt na mBallstát

– Cur chuige ginearálta

COMHTHÉACS AGUS ÁBHAR AN TOGRA

1. Ar an 7 Meitheamh 2016, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.
2. Tá an togra ina chuid d'athbhreithniú leathan ar reachtaíocht an Aontais i dtaca le sábháilteacht long paisinéirí, i gcomhréir le "seiceáil oiriúnachta" a rinne an Coimisiún.¹

¹ 'REFIT – Adjusting Course: EU Passenger Ship Safety Legislation Fitness Check', 13230/15 + ADD 1 agus 2.

3. Molann an Coimisiún Treoir 98/41/CE ón gComhairle² a leasú le go ndéanfar na ceanglais atá inti a nuashonrú, a shoiléiriú agus a shimpliú – ceanglais chun paisinéirí agus an criú ar bord longa paisinéirí a chomhaireamh agus a chlárú le linn leibhéal na sábháilteachta a fheabhsú.
4. Is é príomhchuspóir Threoir 98/41/CE oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála a éascú agus obair leantach a chur san áireamh láithreach bonn.
5. Is é digitiú an príomhathrú atá i gceist i gcomparáid leis an Treoir reatha, i.e. seachas sonraí a bheith á gcoinneáil ag an gcuideachta loinge, dhéanfaí iad a tharchur chuig na fuinneoga aonair náisiúnta muirí arna mbunú i gcomhréir le Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³.

OBAIR SA CHOMHAIRLE

6. Rinne an Coimisiún cur i láthair ó bhéal ar an athbhreithniú ar an reachtaíocht i dtaca le sábháilteacht long paisinéirí don Chomhairle Iompair ar an 7 Meitheamh 2016.
7. Tar éis don Mheitheal um Loingseoireacht an chéad scrúdú a dhéanamh i bhfómhar na bliana 2016, cuireadh tuarascáil ar an dul chun cinn faoi bhráid na Comhairle Iompair ar an 1 Nollaig 2016.
8. Lean an Mheitheal um Loingseoireacht de scrúdú a dhéanamh ar an togra le linn roinnt cruinnithe i rith mhí Eanáir agus mhí Feabhra 2017 agus tháinig sí ar chomhaontú maidir le leasuithe ar thogra an Choimisiúin. Orthu sin, áirítear:
 - an sainmhíniú ar “údarás ainmnithe” a shoiléiriú;
 - soiléiriú breise a thabhairt lena léiriú nach bhfuil feidhm ag an Treoir seo maidir le soithí uiscebhealaí intíre ná luaimh agus árthaí pléisiúir;

² Treoir 98/41/CE ón gComhairle an 18 Meitheamh 1998 maidir le clárú daoine atá ag taisteal ar bord long d’iompar paisinéirí a oibríonn trí dhul isteach i gcalafoirt Bhallstáit an Chomhphobail nó trí dhul amach astu (IO L 188, 2.7.1998, lch. 35).

³ Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe le haghaidh long atá ag teacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ag imeacht ó chalafoirt na mBallstát agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/6/CE (IO L 283, 29.10.2010, lch. 1).

- solúbthacht bhreise a bheith ag na Ballstáit chun an líon daoine atá ar bord a thuairisciú le “modhanna teicniúla iomchuí”, dá rogha féin, san fhuinneog aonair nó trí mheán an chórais aitheantais uathoibríoch;
- thairis sin, le linn idirthréimhse deich mbliana, féadfaidh na Ballstáit leanúint den chóras reatha a bhaineann leis an líon daoine ar bord agus na sonraí pearsanta arna dtairfeadh a chur in iúl do chláraitheoir paisinéirí na cuideachta loingseoireachta nó do chóras cuideachta cois cladaigh; ina leith sin, tugann an Uachtaránacht dá haire gur idirthréimhse seacht mbliana a mhol sí ar dtús báire;
- féidearthacht a bheith ag na Ballstáit seirbhísí rialta a mhaireann tréimhse is gairide ná uair an chloig a dhíolmhú ón oibleagáid an líon daoine ar bord a thuairisciú san fhuinneog aonair, agus sin faoi choinníollacha áirithe agus go ceann tréimhse neamhtheoranta; ina theannta sin, tugadh isteach díolúine gheografach shonrach don Ghearmáin (oileán Heligoland), agus don Danmhairg agus don tSualainn (oileán Bornholm) maidir le sonraí pearsanta i leith turais chuig na hoileáin sin agus uathu sin a bhailiú agus a thuairisciú;
- gníomhartha cur chun feidhme, seachas gníomhartha tarmligthe, a úsáid, i gcomhair chinntiú na mBallstát le díolúintí a dheonú;
- soiléiriú ar an uastréimhse choinneála le haghaidh sonraí pearsanta (60 lá);
- teorainn ama seacht mbliana a shocrú le haghaidh chumhacht an Choimisiúin chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh;
- tréimhse trasuímh na Treorach a shíneadh go dtí 36 mhí(seachas 12 mhí) agus maolú ar an oibleagáid an Treoir a thrasú le haghaidh Ballstáit nach bhfuil calafoirt mhuirí ná longa acu a bhfuil a mbratach ar foluain orthu.

9. Ar an 8 Márta 2017, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú maidir leis an téacs gan aon leasuithe eile air.

10. Sa phlé a rinne siad, chuir comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle barúlacha foirmiúla an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí san áireamh⁴.
11. Ba cheart a thabhairt ar aird nach raibh measúnú tionchair ag gabháil leis an togra. Mar sin féin, thíolaic agus phléigh an Mheitheal um Loingseoireacht tuarascáil REFIT ón gCoimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2015. Thairis sin, bhí plean cur chun feidhme agus forléargas ar na tograí simpliúcháin ag gabháil leis an togra ón gCoimisiún⁵.

OBAIR I bPARLAIMINT NA hEORPA

12. Cheap Coiste um Iompar agus um Turasóireacht de chuid Pharlaimint na hEorpa Izaskun Bilbao Barandica (ALDE-an Spáinn) ina rapóirtéir ar an 1 Lúnasa 2016. Eisíodh an dréacht-tuarascáil ar an 3 Feabhra 2017.

SEASAMH AN CHOIMISIÚIN

13. Tá forchoimeádas ginearálta ag an gCoimisiún ag an tráth seo den nós imeachta maidir le haon athruithe ar an togra, go bhfaighfear seasamh Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh. Sa bhreis air sin, tá forchoimeádas ag an gCoimisiún i leith trí ghné ar leith den togra: 1) maidir leis an idirthréimhse fhada deich mbliana, a mheasann sé nach bhfuil údar léi ó thaobh cúrsaí sabháilteachta ná oibríochtúla, go háirithe i bhfianaise an dul chun cinn teicneolaíoch atá á dhéanamh le 20 bliana anuas agus i bhfianaise chur i bhfeidhm Threoir 2010/65/AE maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe; 2) maidir leis an díolúine gheografach shonrach do thurais ó Heligoland agus Bornholm agus chucu sin; agus 3) maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfadh na Ballstáit nach bhfuil calafoirt mhuirí ná longa acu a bhfuil a mbratach ar foluain orthu maolú ar an oibleagáid an Treoir seo a thrasú.

CONCLÚID

14. Iarrtar ar an gComhairle an téacs a scrúdú, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo, d'fhonn cur chuige ginearálta a ghlacadh.

⁴ 15533/16.

⁵ 9964/16 ADD 1 agus 2.

2016/0171 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 98/41/CE ón gComhairle maidir le clárú daoine atá ag taisteal ar bord long d’iompar paisinéirí a oibríonn trí dhul isteach i gcalafoirt Bhallstáit an Chomhphobail nó trí dhul amach astu agus lena leasaítear Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe le haghaidh long atá ag teacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ag dul amach astu

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁶,

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

⁶ IO C 34, 2.2.2017, lch. 172.

- (1) Tá faisnéis bheacht thráthúil ar an líon daoine nó ar chéannacht na ndaoine ar bord loinge sár-riachtanach le haghaidh ullmhú agus éifeachtacht oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála. I gcás tionóisc ar muir, féadfaidh comhar iomlán idir údaráis náisiúnta inniúla an stáit nó na stát atá i gceist, an t-oibreoir loinge agus a ngníomhairí cur go mór le héifeachtacht oibríochtaí na n-údarás inniúil. Tá gnéithe áirithe den chomhar sin á rialú le Treoir 98/41/CE ón gComhairle⁷.
- (2) Léiríonn torthaí sheiceáil oiriúnachta an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT)⁸ mar aon leis an taithí a fuarthas le linn Treoir 98/41/CE a chur chun feidhme, nach mbíonn faisnéis faoi dhaoine ar bord ar fáil go réidh ag na húdaráis inniúla i gcónaí. Dá réir sin, ba cheart ceanglais reatha Threoir 98/41/CE a chur i gcomhréir leis na ceanglais a bhaineann le sonraí a thuairisciú go leictreonach, chun gur éifeachtúla iad. A bhúí le digitíú, beimid in ann rochtain ar fhaisnéis a bhaineann le líon suntasach paisinéirí a éascú in éigeandáil nó i ndiaidh tionóisc ar muir.
- (3) Le 17 mbliana anuas, rinneadh dul chun cinn teicneolaíoch mór i dtaca le meán cumarsáide agus sonraí maidir le gluaiseachtaí long a stóráil. Cuireadh roinnt córais éigeantacha um thuairisciú long ar bun feadh chósta na hEorpa, i gcomhréir leis na rialacha ábhartha arna nglacadh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO). Trí dhlí an Aontais agus tríd an dlí náisiúnta, áirithítear go gcomhlíonann longa na ceanglais tuairiscithe atá i bhfeidhm faoi na córais sin.

⁷ Treoir 98/41/CE ón gComhairle an 18 Meitheamh 1998 maidir le clárú daoine atá ag taisteal ar bord long d'iompar paisinéirí a oibríonn trí dhul isteach i gcalafoirt Bhallstáit an Chomhphobail nó trí dhul amach astu (IO L 188, 2.7.1998, lch. 35).

⁸ COM(2015)508.

- (4) Maidir le bailiú, tarchur agus comhroinnt sonraí a bhaineann le longa, rinne an fhuinneog aonair náisiúnta dá dtagraítear i dTreoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹ agus Córas an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí (SafeSeaNet) dá dtagraítear i dTreoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ an méid sin a chumasú, a shimpliú agus a chomhchuibhiú. Dá bhrí sin, ba cheart an fhaisnéis faoi na daoine ar bord a cheanglaítear le Treoir 98/41/CE a thuairisciú san fhuinneog aonair náisiúnta trína bhféadfar sonraí a chur ar fáil go réidh don údarás inniúil in éigeandáil nó i dtionóisc. Ba cheart an líon daoine ar bord a thuairisciú san fhuinneog aonair náisiúnta le modhanna teicniúla iomchuí de rogha na mBallstát nó, mar mhalairt air sin, don údarás ainmnithe trí mheán an chórais aitheantais uathoibríoch.
- (4a) Chun soláthar agus malartú faisnéise arna dtuairisciú faoin Treoir seo a éascú agus na hualaí riaracháin a laghdú, ba cheart do na Ballstáit na foirmiúlachtaí tuairiscithe comhchuibhithe a úsáid arna mbunú le Treoir 2010/65/AE. I gcás tionóisc a mbeidh tionchar aige ar bhreis agus Ballstát amháin, ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis sin a chur ar fáil do Bhallstáit eile tríd an gcóras SafeSeaNet.
- (4b) Chun tréimhse leordhóthanach a sholáthar do na Ballstáit le foirmiúlachtaí nua a chur leis na fuinneoga aonair náisiúnta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse ar lena linn a bheidh an deis ag na Ballstáit an córas reatha a choimeád chun daoine a chlárú ar bord longa paisinéirí.

⁹ Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe le haghaidh long atá ag teacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ag imeacht ó chalafoirt na mBallstát agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/6/CE (IO L 283, 29.10.2010, lch. 1).

¹⁰ Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).

- (5) Ba cheart do na Ballstáit oibreoirí, agus go háirithe oibreoirí beaga, a spreagadh chun an fhuinneog aonair náisiúnta a úsáid. Mar sin féin, chun comhlíonadh phrionsabal na comhréireachta a áirithiú, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit, faoi choinníollacha sonracha, oibreoirí beaga nach bhfuil an fhuinneog aonair náisiúnta in úsáid go fóill acu agus a oibrítear go príomha ar thurais intíre ghairide a mhaireann tréimhse is gairide ná 60 nóiméad, ba cheart an deis a bheith acu na hoibreoirí sin a dhíolmhú ón oibleagáid an líon a thuairisciú san fhuinneog aonair náisiúnta.
- (5a) Mar gheall ar an suíomh geografach sonrach agus cineál na nasc iompair idir an mhórthír agus oileán Heligoland agus oileán Bornholm, ba cheart an deis a bheith ag an nGearmáin, an Danmhairg agus an tSualainn longa paisinéirí a oibrítear ar na bealaí sin a dhíolmhú ón oibleagáid an liosta daoine ar bord a thuairisciú faoin Treoir seo.
- (5b) Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit na deiseanna atá ann a choimeád leis an tairseach 20 míle a isliú chun an liosta daoine ar bord a thairseach agus a thuairisciú. Sa mhéid sin, d'fhéadfaí turais a áireamh i gcás ina stadann longa paisinéirí, ar a bhfuil líon ard paisinéirí á n-iompar, go leanúnach idir calafoirt ar gairide ná 20 míle an t-achar le linn turas fada aonair. I gcásanna den sórt sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit an tairseach 20 míle a isliú ionas go bhféadfaí an fhaisnéis a cheanglaítear leis an Treoir seo a thairseach le haghaidh paisinéirí ar bord, ar paisinéirí iad a tháinig ar bord ag an gcéad chalafort nó ag calafoirt idirmheánacha.
- (6) Chun inní na ngaolta a laghdú i gcás tionóisce agus le moilleanna neamhriachtanacha a laghdú sa chúnamh consalach agus i seirbhísí eile, ba cheart faisnéis faoi náisiúntacht na ndaoine ar bord a bheith san áireamh sna sonraí a chuirtear in iúl. Ba cheart an liosta d'iontrálacha sonraí riachtanacha le haghaidh turais a mhaireann tréimhse is faide ná 20 míle a shimpliú, a shoiléiriú agus a ailíniú a mhéid is féidir le ceanglais tuairiscithe don fhuinneog aonair náisiúnta.
- (7) Ag cur san áireamh an teacht atá ar mhodhanna leictreonacha chun sonraí a thairseach agus gurb amhlaidh gur cheart sonraí pearsanta a bhailiú sula n-imíonn an long ach go háirithe, ba cheart féachaint ar an moill 30 nóiméad dá bhforáiltear i dTreoir 98/41/CE faoi láthair mar uastréimhse.

- (8) Chun go méadófar soiléireacht dlí agus comhsheasmhacht le reachtaíocht ghaolmhar ón Aontas agus Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹ go háirithe, ba cheart roinnt tagairtí atá as dáta, débhríoch agus mearbhlach a nuashonrú nó a scriosadh. Ba cheart an sainmhíniú ar ‘long paisinéirí’ a ailíniú le reachtaíocht eile de chuid an Aontais, agus raon feidhme na Treorach seo á choimeád. Ba cheart an sainmhíniú ar ‘uisce faoi fhothain’ a scriosadh agus an coincheap a ailíniú le Treoir 2009/45/CE chun críocha na ndíolúintí faoin Treoir seo, le linn gaireacht saoráidí cuardaigh agus tarrthála a áirithiú. Ba cheart an sainmhíniú ar ‘cláraitheoir paisinéirí’ a leasú chun go léireofar na dualgais nua nach n-áirítear coimeád faisnéise orthu a thuilleadh. Sa sainmhíniú ar ‘údarás ainmnithe’, ba cheart údaráis inniúla a chuimsiú – údaráis inniúla a bhfuil rochtain dhíreach nó indíreach ar an bhfaisnéis a cheanglaítear leis an Treoir seo acu. Ba cheart na ceanglais chomhfhreagracha do chórais clárúcháin paisinéirí do chuideachtaí a scriosadh.
- (8a) Níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le luaimh phléisiúir ná árthaí pléisiúir. Go háirithe, níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le luaimh phléisiúir ná árthaí pléisiúir a bhfuil cairtfhostú trí fhorléasadh déanta orthu agus nach luaimh ná árthaí trádála chun paisinéirí a iompar iad ina dhiaidh sin.
- (9) Ba cheart do na Ballstáit a bheith i gcónaí freagrach as deimhin a dhéanamh de go gcomhlíontar na ceanglais um chlárú sonraí faoi Threoir 98/41/CE, is é sin maidir le cruinneas agus clárú tráthúil na sonraí. Chun comhsheasmhacht na faisnéise a áirithiú, d’fhéadfaí seiceálacha fánacha a dhéanamh.

¹¹ Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeán sábháilteachta le haghaidh long paisinéirí (IO L 163, 25.6.2009, lch. 1).

- (10) Sa mhéid go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta i gceist le bearta, déanfar an phróiseáil sin i gcomhréir le dlí an Aontais ar chosaint sonraí pearsanta¹². Go háirithe agus gan dochar d'oibleagáidí dlí eile i gcomhlíonadh an dlí maidir le cosaint sonraí, níor cheart sonraí pearsanta arna mbailiú i gcomhréir le Treoir 98/41/CE a phróiseáil ná a úsáid chun aon chríoch eile agus níor cheart iad a choinneáil go ceann tréimhse is faide ná tréimhse is gá chun críocha Threoir 98/41/CE. Ba cheart na treoirlínte ábhartha arna mbunú chun comhlíonadh reachtaíocht ábhartha an Aontais a áirithiú, go háirithe Treoir 2002/59/CE agus Treoir 2010/65/CE, a athbhreithniú chun an Treoir seo a chur san áireamh.
- (11) I bhfianaise phrionsabail na comhréireachta agus toisc gur chun leas an phaisinéara é fíorfhaisnéis a chur ar fáil, is leor na modhanna reatha chun sonraí pearsanta a bhailiú ar bhonn féindearbhu páisinéirí chun críocha Threoir 98/41/CE. Ag an am céanna, ba cheart go gcinnteodh modhanna leictreonacha chun sonraí a chlárú agus a fhíorú go gcláraítear faisnéis uathúil do gach duine ar bord.
- (12) Chun cur leis an trédhearcacht, agus chun na Ballstáit do thabhairt fógra maidir le díolúintí agus le hiarrataí ar mhaolú a éascú, ba cheart don Choimisiún bunachar sonraí a bhunú agus a choimeád chun na críche sin. Ba cheart na bearta ar tugadh fógra ina leith a chur san áireamh ann mar dhréacht agus ina bhfoirmeacha glactha.
- (13) I bhfianaise na n-athruithe a tháinig chun cinn mar thoradh ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ba cheart nuashonrú comhfhreagrach a dhéanamh ar na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún Treoir 98/41/CE a chur chun feidhme. Ba cheart gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³.

¹² Go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch.1) agus Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (OJ L 8, 12.1.2001, lch. 1).

¹³ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (14) Chun forbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur san áireamh agus trédhearcacht a mhéadú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith leasuithe ar bith ar na hionstraimí idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm, más gá, chun críocha na Treorach seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú gníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe grúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin a bheidh ag plé le gníomhartha tarmligthe a ullmhú.
- (15) I bhfianaise thimthriall faireacháin iomlán chuartheanna na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí, ba cheart don Choimisiún cur chun feidhme Threoir 98/41/CE a mheas tráth nach déanaí ná [seacht mbliana tar éis an dáta dá dtagraítear sa dara fómhír d’Airteagal 3(1)] agus tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina thaobh sin. Ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún chun an fhaisnéis uile is gá a bhailiú don mheasúnú sin.
- (16) Chun na hathruithe a rinneadh ar Threoir 98/41/CE a léiriú, ba cheart faisnéis faoi dhaoine ar bord a chur san áireamh sa liosta d’fhoirmiúlachtaí tuairiscithe dá dtagraítear i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2010/65/AE.
- (16a) Maidir le Ballstát nach bhfuil calafoirt mhuirí ná longa ná árthaí ina chríoch aige a bhfuil a bhritach ar foluain orthu faoi raon feidhme na Treorach seo, ba dhíríreach agus neamhriachtanach an oibleagáid é dá mb’éigean don Bhallstát sin an Treoir seo a thrasú.
- (17) Ba cheart dá bhrí sin Treoir 98/41/CE agus Treoir 2010/65/AE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Leasuithe ar Threoir 98/41/CE

Leasaítear Treoir 98/41/CE mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fleasc:

"– ciallóidh ‘long paisinéirí’ long nó ártach ardluais ar a n-iompraítear breis agus 12 phaisinéir,”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú fleasc:

“– ciallóidh ‘cláraitheoir paisinéirí’ an duine freagrach arna ainmniú ag cuideachta chun oibleagáidí an chóid ISM a chomhlíonadh, mas infheidhme, nó duine arna ainmniú ag cuideachta atá freagrach as faisnéis a tharchur i leith paisinéirí a chuaigh ar bord long paisinéirí de chuid cuideachta,”;

(ba) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an seachtú fleasc:

“– ciallóidh ‘údarás ainmnithe’ an t-údarás inniúil de chuid an Bhallstáit atá freagrach as cuardach agus tarrtháil nó a bhfuil baint aige le toradh tionóisce a bhfuil rochtain aige ar an bhfaisnéis a cheanglaítear faoin Treoir seo,”;

(c) scriostar an naoú fleasc;

(d) sa deichiú fleasc, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

“– ciallóidh ‘seirbhís rialta’ sraith turas trasna long a oibrítear chun freastal ar thrácht idir an dá chalafort céanna nó níos mó, nó sraith turas ón gcalafort agus chuig an gcalafort céanna gan stadanna idir eatarthu ach oiread”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an aonú fleasc déag:

“– ciallóidh ‘tríú tír’ aon tír nach Ballstát í,”;

(f) cuirtear isteach an dara fleasc déag seo a leanas:

“– ciallóidh ‘limistéar calafoirt’ limistéar arna shainiú i bpointe (r) d’Airteagal 2 de Threoir 2009/45/CE,”;

(fa) cuirtear isteach an tríú fleasc déag seo a leanas:

"– ciallaíonn ‘uiscebhealach intíre’ uiscebhealaí intíre dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2016/1629/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*,

* Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (OJ L 252, 16.9.2016, lch. 118).";

(g) cuirtear isteach an ceathrú fleasc déag seo a leanas:

"– ciallóidh ‘luamh pléisiúir nó ártach pléisiúir’ soitheach nach soitheach trádála é, beag beann ar na córacha tiomána.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

“Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le longa paisinéirí farraige cé is moite de:

- longa cogaidh agus longa trúpaí,
- luaimh phléisiúir agus árthaí pléisiúir,
- longa paisinéirí nach gcuirtear ag obair ach amháin i limistéir chalafoirt nó in uiscebhealaí intíre.”;

(3) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Sula n-imeoidh long paisinéirí, déanfar an líon daoine ar bord a chur in iúl do mháistir na loinge paisinéirí agus déanfar é a thairfeadh san fhuinneog aonair arna bunú de bhun Airteagal 5 de Threoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* trí mhodhanna teicniúla iomchuí nó, má roghnaíonn an Ballstát déanamh amhlaidh, cuirfear in iúl don údarás ainmnithe trí bhíthin an chórais aitheantais uathoibríoch é.

Go ceann idirthréimhse [10 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], féadfaidh na Ballstáit a cheadú go leanfar den fhaisnéis sin a chur in iúl do chlárathóir paisinéirí na cuideachta nó don chóras cuideachta cois cladaigh a bhfuil an fheidhm chéanna aige, seachas í a thuairisciú san fhuinneog aonair nó don údarás ainmnithe trí bhíthin an chórais aitheantais uathoibríoch.

* Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe le haghaidh long atá ag teacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ag imeacht ó chalafoirt na mBallstát agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/6/CE (IO L 283, 29.10.2010, lch. 1).”;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

“Airteagal 5

1. Déanfar an fhaisnéis seo a leanas a thairfeadh i dtaca le gach long paisinéirí a imeoidh ó chalafort atá lonnaithe i mBallstát chun tabhairt faoi thuras i gcás inar faide ná 20 míle an t-achar a sheoltar ón bpointe imeachta go dtí an chéad chalafort staid eile:

- sloinne na ndaoine ar bord,
- a gcéadainm,
- a ngnéas,
- a náisiúntacht,
- a ndáta breithe,
- nuair a thugann paisinéir go toilteanach í, faisnéis maidir le sainchúram nó cúnamh a bheith ag teastáil uathu in éigeandálaí.

2. Baileofar an fhaisnéis sin roimh imeacht na loinge agus déanfar í a thuairisciú san fhuinneog aonair arna bunú de bhun Airteagal 5 de Threoir 2010/65/AE nuair a imeoidh an long paisinéirí ach i ngach cás tráth nach déanaí ná tríocha nóiméad tar éis imeacht di.

2a. Go ceann idirthréimhse [10 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], féadfaidh na Ballstáit a cheadú go leanfar den fhaisnéis sin a chur in iúl do chláraitheoir paisinéirí na cuideachta nó don chóras cuideachta cois cladaigh a bhfuil an fheidhm chéanna aige, seachas í a thuairisciú san fhuinneog aonair.

3. Gan dochar d'oibleagáidí dlí eile i gcomhlíonadh an dlí maidir le cosaint sonraí, ní dhéanfar sonraí pearsanta arna mbailiú chun críocha na Treorach seo a phróiseáil ná a úsáid chun aon chríoch eile.";

(5) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Maidir le gach long paisinéirí a bhfuil bratach tríú tír ar foluain orthu agus a imíonn ó chalafort atá lonnaithe lasmuigh den Aontas agus atá ag triall ar chalafort atá lonnaithe sa Bhallstát sin, éileoidh gach Ballstát ar an gcuideachta a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 4(1) agus in Airteagal 5(1) a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 4(2) agus le hAirteagal 5(2).”;

- (6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

“Airteagal 8

Ceapfaidh gach cuideachta a ghlacann freagracht uirthi féin long paisinéirí a oibriú cláraitheoir paisinéirí, i gcás ina gceanglaítear sin faoi Airteagal 4 agus Airteagal 5 den Treoir seo, cláraitheoir paisinéirí a bheidh freagrach as an bhfaisnéis dá dtagraítear sna forálacha sin a thuairisciú san fhuinneog aonair arna bunú de bhun Airteagal 5 de Threoir 2010/65/AE nó don údarás ainmnithe trí bhíthin an chórais aitheantais uathoibríoch.

Ní choimeádfaidh an chuideachta sonraí pearsanta arna mbailiú i gcomhréir le hAirteagal 5 go ceann tréimhse is faide ná mar is gá chun críocha na Treorach seo, is é sin go dtí an tráth a ndéanfar turas na loinge i gceist a chur i gcrích go slán sábháilte agus go dtí an tráth a ndéanfar na sonraí a thuairisciú san fhuinneog aonair arna bunú de bhun Airteagal 5 de Threoir 2010/65/AE. Gan dochar d’oibleagáidí tuairiscithe eile, a luaithe nach mbeidh gá níos mó leis an bhfaisnéis chun na críche sin, scriosfar í.

Áiritheoidh gach cuideachta go ndéanfar faisnéis, ar faisnéis í maidir le paisinéirí a dhearbhaigh go bhfuil sainchúram nó cúnaimh ag teastáil uathu in éigeandálaí, go ndéanfar í a thairfeadh agus a chur in iúl don mháistir mar is ceart roimh imeacht don long paisinéirí.”;

- (7) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

- (a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

- scriostar pointe (a);

– cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) agus phointe (c):

“(b) Féadfaidh Ballstát ó chalafort ina n-imíonn long longa paisinéirí, cé is moite d’árthaí ardluais, a oibríonn, go heisiach i limistéar farraige D a liostaítear de bhun Airteagal 4 de Threoir 2009/45/CE, ina n-áirithítear gaireacht áiseanna cuardaigh agus tarrthála, seirbhísí rialta a mhaireann tréimhse is gairide ná uair an chloig idir calafoirt staid, féadfaidh sé na longa sin a dhíolmhú ón oibleagáid an líon daoine ar bord a thuairisciú san fhuinneog aonair arna bunú de bhun Airteagal 5 de Threoir 2010/65/AE.

(c) Féadfaidh Ballstát longa paisinéirí a sheoltar, go heisiach i limistéar farraige D a liostaítear de bhun Airteagal 4 de Threoir 2009/45/CE, ina n-áirithítear gaireacht saoráidí cuardaigh agus tarrthála, idir dhá chalafort nó ón gcalafort agus chuig an gcalafort céanna gan aon staid idir eatarthu, féadfaidh Ballstát na longa paisinéirí sin a dhíolmhú ó na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 5.”;

– cuirtear pointe (d) leis:

“(d) Féadfaidh an Ghearmáin turais long paisinéirí a oibrítear ó oileán Heligoland agus chuige sin a dhíolmhú ó oibleagáidí Airteagal 5(2) agus féadfaidh an Danmhairg agus an tSualainn turais long paisinéirí a oibrítear ó oileán Bornholm agus chuige sin a dhíolmhú ó na hoibleagáidí céanna.”;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) agus phointe (b):

“(a) tabharfaidh an Ballstát fógra gan mhoill don Choimisiún faoina chinneadh díolúine ó na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 5 a dheonú agus tabharfaidh sé na cúiseanna substainteacha atá leis sin. Déanfar an fógra sin a chur in iúl trí bhíthin bunachar sonraí atá bunaithe agus á chothabháil ag an gCoimisiún chun na críche sin. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, faoi na coinníollacha a bhaineann le rochtain a fháil ar an mbunachar sonraí sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(2).

(b) más rud é go measann an Coimisiún laistigh de shé mhí ó fhógra den sórt sin a fháil nach bhfuil údar leis an díolúine nó go bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith aici ar iomaíocht, féadfaidh sé, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, a cheangal ar an mBallstát a chinneadh a leasú nó a tharraingt siar. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(2).”;

(c) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

“Cuirfear an iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin trí bhíthin an bhunachair sonraí dá dtagraítear i mír 3. Más rud é go measann an Coimisiún laistigh de shé mhí d’iarraidh den sórt sin a fháil nach bhfuil údar leis an maolú nó go bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith aige ar iomaíocht, féadfaidh sé, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, a cheangal ar an mBallstát an cinneadh atá beartaithe a leasú nó gan é a ghlacadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13(2).”;

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

“Airteagal 10

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh nós imeachta um chlárú sonraí i bhfeidhm lena ráthú go ndéanfar faisnéis a cheanglaítear leis an Treoir seo a thuairisciú go cruinn tráthúil.

Ainmneoidh gach Ballstát an t-údarás a mbeidh rochtain aige ar an bhfaisnéis a cheanglaítear leis an Treoir seo. Áiritheoidh na Ballstáit in éigeandáil nó i ndiaidh tionóisce, go mbeidh rochtain láithreach ag an údarás ainmnithe sin ar an bhfaisnéis a cheanglaítear faoin an Treoir seo.

Ní choimeádfaidh Ballstáit sonraí pearsanta arna mbailiú i gcomhréir le hAirteagal 5 go ceann tréimhse is faide ná mar is gá chun críocha na Treorach seo, is é sin:

- (a) go dtí an tráth a ndéanfar turas na loinge i gceist a chur i gcrích go slán sábháilte, ach in aon chás tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis imeacht na loinge; nó
- (b) in éigeandáil nó i ndiaidh tionóisce, go dtí go mbeidh an fiosrúchán nó na nósanna imeachta breithiúnacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist curtha i gcrích.

Gan dochar d'oibleagáidí dlí eile, a luaithe nach mbeidh gá níos mó leis an bhfaisnéis chun na geríoch sin, scriosfar í.”;

- (9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

“Airteagal 11

1. Chun críocha na Treorach seo, déanfar na sonraí is gá a bhailiú agus a thaifeadadh ar bhealach nach gcuirfidh aon mhoill mhíchúí ar phaisinéirí atá ag dul ar bord an tsoithigh agus/nó ag teacht i dtír uaidh.
2. Seachnófar an iliomad dreasa bailiúcháin sonraí ar an mbealach céanna nó ar bhealaí cosúla.”;

- (10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

“Airteagal 12

In imthosca eisceachtúla, i gcás ina bhfuil údar cuí leis de réir anailís iomchuí arna déanamh ag an gCoimisiún agus chun bagairt thromchúiseach dho-ghlactha ar shábháilteacht mhuirí nó neamhréireacht le reachtaíocht mhuirí an Aontais a sheachaint, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a, lena leasaítear an Treoir seo ionas nach gcuirfí leasú ar na hionstraimí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 2 i bhfeidhm, chun críocha na Treorach seo.”;

(11) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 12a

1. Déantar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse seacht mbliana ó [dáta an teacht i bhfeidhm]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse seacht mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 12 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Farr an 13 Aibreán 2016.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiochfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 12 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.
7. Maidir le gníomh tarmligthe, lena leasaítear an Treoir seo chun nach gcuirfear, chun críocha na Treorach seo, aon leasú ar na hionstraimí idirnáisiúnta i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 12, glactar é trí mhí ar a laghad roimh dhul in éag na tréimhse arna bunú go hidirnáisiúnta chun an leasú lena mbaineann a ghlacadh go hintuigthe nó roimh an dáta a bheartaítear a thiochfaidh an leasú sin i bhfeidhm. Sa tréimhse roimh theacht i bhfeidhm gníomh tarmligthe den sórt sin, staonfaidh na Ballstáit ó aon tionscnamh a bheartaítear chun an leasú a chomhtháthú i reachtaíocht náisiúnta nó an leasú a chur i bhfeidhm maidir leis an ionstraim idirnáisiúnta lena mbaineann.”;

(12) leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).”;

- (b) scriostar mír 3;

(13) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 14a

Déanfaidh an Coimisiún cur chun feidhme na Treorach seo a mheas agus cuirfidh sé torthaí na meastóireachtaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tráth nach déanaí ná [seacht mbliana tar éis an dáta dá dtagraítear sa dara fomhír d’Airteagal 3(1)].”.

Airteagal 2

Leasuithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2010/65/AE

I gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2010/65/AE, cuirtear pointe (7) seo a leanas léi:

“7. Faisnéis faoi dhaoine ar bord

Airteagal 4(2) agus Airteagal 5(2) de Threoir 98/41/CE ón gComhairle an 18 Meitheamh 1998 maidir le clárú daoine atá ag taisteal ar bord long d’iompar paisinéirí a oibríonn trí dhul isteach i gcalafoirt Bhallstáit an Chomhphobail nó trí dhul amach astu (IO L 188, 2.7.1998, lch. 35).”.

Airteagal 3

Trasú

1. Déanfaidh na Ballstáit roimh [36 mhí tar éis an teacht i bhfeidhm] ar a dhéanaí, na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, a ghlacadh agus a fhoilsiú. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ó [36 mhí tar éis an teacht i bhfeidhm].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

2a. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh sé de cheangal ar Bhallstát an Treoir a thrasúí más amhlaidh nach bhfuil aon chalafoirt mhuirí ina chríoch agus nach bhfuil aon longa ná árthaí aige a bhfuil a bhratach ar foluain orthu a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo. Ní fhéadfaidh Ballstát den sórt sin a cheadú go ndéanfar bratach a chur ar foluain ar longa nó árthaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo go dtí go mbeidh an Treoir seo trasuite agus curtha chun feidhme aige.

Aon Bhallstát a bheartaíonn leas a bhaint as an maolú sin, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún maidir leis ar a dhéanaí [IO: iarrtar ort dáta trasuímh na Treorach seo a chur isteach]. Maidir le haon athrú eile a dhéanfar ina dhiaidh sin, cuirfear in iúl don Choimisiún é freisin.

Airteagal 4
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5
Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán